Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**13949/24**

**ENV 959**
**CLIMA 328**
**CHIMIE 72**
**COMPET 973**
**IND 454**
**PHARM 131**
**AGRI 698**
**RECH 421**
**ECOFIN 1072**
**ECO 38**
**SOC 719**
**SAN 570**
**CONSOM 294**
**MI 831**
**ENT 186**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht – Staid na himeartha agus an bealach chun cinn<br>– Seisiún tuairimíochta |

1. An 14 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht dar teideal 'Chemicals Strategy for Sustainability –Towards a Toxic-Free Environment' [An straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht – i dtreo timpeallacht atá saor ó thocsainí].

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa Rún maidir leis an Straitéis Ceimiceán an 10 Iúil 2020, agus ghlac an Chomhairle a conclúidí dar teideal Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: déanaimis beart de réir briathair an 15 Márta 2021[1].

[1] 6941/21.

3. D’fhonn struchtúr a chur ar an seisiún tuairimíochta maidir leis an Straitéis Ceimiceán a bheidh ag an gComhairle (Comhshaoil) an 14 Deireadh Fómhair 2024, d’ullmhaigh an Uachtaránacht doiciméad eolais agus ceisteanna do na hAirí, mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe doiciméad eolais na hUachtaránachta a thabhairt dá aire, lena n-áirítear na ceisteanna, agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle chun go mbeidh seisiún tuairimíochta aici maidir le ‘An straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht – staid na himeartha agus an bealach chun cinn’ an 14 Deireadh Fómhair 2024.

**IARSCRÍBHINN**

An straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht – staid na himeartha agus an bealach chun cinn

**– Seisiún tuairimíochta –**

Is príomhghné í an Straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht, a thug an Coimisiún Eorpach isteach i mí Dheireadh Fómhair 2020, de na hiarrachtaí a dhéanann an tAontas substaintí ceimiceacha a bhainistiú ar bhealach lena gcosnaítear sláinte an duine agus an comhshaol araon agus lena dtugtar spreagadh don nuálaíocht agus lena gcuirtear borradh faoi iomaíochas an Aontais ag an am céanna.

Tá tionscal na gceimiceán ar cheann de na hearnálacha monaraíochta is mó san Eoraip agus braitheann tionscail eile go mór ar a aschur. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a iomaíochas a chothú agus an earnáil sin a choinneáil ar chúrsa forbartha inbhuanaithe.

Tá athrú struchtúrach tapa ag teacht ar an tionscal faoi láthair agus é ag dul i ngleic le dúshláin shuntasacha, lena n-áirítear costais mhéadaitheacha, spleáchas ar acmhainní seachtracha agus níos mó iomaíochta le tríú tíortha, agus tá sé thar a bheith tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh d’aidhm ag an Aontas geilleagar ciorclach atá nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch mar aon le timpeallacht saor ó thocsainí (an Comhaontú Glas) a bhaint amach. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na breithnithe sin in éineacht chun aistriú cóir, glas agus digiteach a éascú san Aontas.

Rinneadh dul chun cinn in go leor réimsí sa Straitéis Ceimiceán, arb é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar na rioscaí casta agus forleatacha a bhaineann le ceimiceáin ghuaiseacha agus lena leagtar síos clár oibre uaillmhianach chun go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le húsáid ceimiceán shábháilte agus inbhuanaithe – áirítear leis an dul chun cinn sin na critéir chun úsáid bhunriachtanach na gceimiceán is díobhálaí a shainiú, an cur chuige ‘substaint amháin, measúnú amháin’ le haghaidh próisis níos tapúla, níos simplithe agus níos trédhearcaí, srianta nó toirmisc bhreise ar úsáid mearcair san Aontas, Rialachán athbhreithnithe maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú ceimiceán lena n-áirítear le haicmí guaise nua, agus mar sin de.

Mar sin féin, níor cuireadh roinnt gníomhaíochtaí de chuid na Straitéise chun feidhme go fóill, mar shampla an t-athbhreithniú 'spriocdhírithe' ar REACH. Ba cheart a thabhairt ar aird freisin nach léireoidh roinnt forálacha a glacadh le déanaí, mar shampla na haicmí guaise nua a tugadh isteach sa Rialachán leasaithe maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú, a n-éifeacht iomlán go dtí go gcuirfear Rialachán REACH athbhreithnithe leo.

Tá an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán lárnach i mbeartas ceimiceán an Aontais, arb é is aidhm dó cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil ar na rioscaí a bhaineann le ceimiceáin a fheabhsú. Tá an t-athbhreithniú ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá sa rialachán faoi láthair, mar shampla comhlíonadh na sainchomhad clárúcháin a fheabhsú; substaintí a bhfuil airíonna guaise criticiúla acu a shainaithint ar bhealach níos fearr; an córas údaraithe a fheabhsú; dlús a chur leis an bpróiseas srianta, etc.  Ní mór aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin chun rioscaí ceimiceacha a bhainistiú go cuimsitheach agus chun úsáid níos sábháilte ceimiceán a áirithiú.

A mhéid a bhaineann le substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna), tá dul chun cinn suntasach déanta ag na cúig údarás náisiúnta a chuir isteach an sainchomhad 'PFASanna uilíocha' agus ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) maidir leis an togra a chur chun cinn, ach tá sé tábhachtach freisin breithniú críochnúil a dhéanamh ar impleachtaí don tsochaí agus do na tionscail a bhíonn ag brath ar úsáidí na substaintí sin a bhfuil airíonna uathúla acu. Dá bhrí sin, tá gá le cur chuige cothrom a chuirfidh forbairt agus glacadh roghanna malartacha níos sábháilte chun cinn, agus soiléireacht agus comhlíonadh rialála á n-áirithiú ag an am céanna, rud a chuideoidh le héifeachtaí díobhálacha PFASanna a mhaolú. Ach ní mór é a thabhairt i gcrích in am trátha, ionas nach gcuirfear forbairt inbhuanaithe thionscal an Aontais, ná baint amach ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus don tsláinte, i mbaol.

Ní mór an coincheap nua ó bhonn a leagtar amach sa 'Treoirchritéir agus treoirphrionsabail maidir le coincheap na húsáide riachtanaí i reachtaíocht an Aontais ina ndéileáiltear le ceimiceáin' a tugadh isteach le Teachtaireacht C/2024/2894 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2024, ní mór é a chur i bhfeidhm sa chleachtas fós. Bheadh sé sin ríthábhachtach chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú agus chun cinnteacht níos mó a sholáthar.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, chomh maith leis na tairbhí a bhaineann leo maidir le sláinte an duine agus maidir leis an gcomhshaol, go gcuireann roinnt oibleagáidí rialála nuaghlactha ualach riaracháin níos mó ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais. Thairis sin, beidh gá le hacmhainní suntasacha chun faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na hoibleagáidí sin ionas nach mbainfear an bonn d'éifeachtacht na mbeart rialála de bharr cur i bhfeidhm neamhréireach.

Chomh maith leis sin, tá leathnú suntasach tagtha ar fhreagrachtaí agus cúraimí ECHA, maidir le raon feidhme agus castacht araon. Cruthaíonn na hoibleagáidí rialála nua, agus an leathnú leanúnach, dúshláin shuntasacha acmhainne agus bhuiséadacha don Ghníomhaireacht, agus do roinnt Ballstát freisin maidir le líon leordhóthanach saineolaithe a ainmniú do choistí ECHA. Tá togra le haghaidh bunrialachán maidir le ECHA, lena ndéanfaí a rialachas a neartú, modhanna oibre chomhlachtaí ECHA a chuíchóiriú agus an maoiniú acu a dhéanamh níos solúbtha agus níos inbhuanaithe, fós ar na bacáin. Ós rud é go bhfuil ról lárnach ag an nGníomhaireacht maidir le dlíthe ceimiceán an Aontais a chur chun feidhme, tá sé ríthábhachtach a hoibriú agus a samhail airgeadais a neartú chun a héifeachtacht oibríochtúil agus a hinbhuanaitheacht a fheabhsú. Is gá go mbeadh sé d'acmhainn ag ECHA tacú le bainistiú sábháilte ceimiceán agus freagairt go tapa ar rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn a dhéanann difear d'éifeachtúlacht rialála ghinearálta.

Dúirt Uachtarán an Choimisiúin ina treoirlínte polaitiúla don Choimisiún nua nuair a fógraíodh an 'Comhaontú Tionsclaíoch Glan' nua: 'ní mór dúinn fanacht, agus fanfaimid, ar an mbóthar ceart maidir leis na spriocanna a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip'. Gné thábhachtach den chomhaontú nua seo is ea 'Pacáiste Thionscal na gCeimiceán arb é is aidhm dó clárú, meastóireacht, údarú agus srianadh ceimiceán a shimpliú agus soiléireacht a sholáthar maidir le 'buancheimiceáin', nó PFASanna.'

Ar an iomlán, ba cheart go leanfadh sé de bheith ina thosaíocht ag an Aontas agus ag na Ballstáit cuspóirí na Straitéise a bhaint amach agus na dúshláin nua á gcur san áireamh ag an am céanna. I ndáil leis an méid sin, tá soiléireacht phráinneach agus dul chun cinn tapa de dhíth maidir le roinnt réimsí eile, chun cosaint shaoránaigh an Aontais agus an chomhshaoil a fheabhsú agus ina theannta sin, ós rud é go bhféadfadh sé, i gcásanna áirithe, go n-éileoidh roghanna malartacha ceimiceacha níos sábháilte infheistíocht shuntasach i dtaighde agus i bhforbairt, chun timpeallacht infheistíochta intuartha a áirithiú don tionscal.

Is é is príomhaidhm don seisiún tuairimíochta seo béim a leagan ar shuntasacht na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ar chlár oibre polaitiúil an chéad timthrialla pholaitiúil eile agus tacú le dlús a chur lena cur chun feidhme, rud a thabharfaidh soiléireacht don tionscal agus do na húdaráis araon maidir leis na bearta atá le teacht.

Ceisteanna do na hAirí:

1. *An bhfuil na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Straitéis Ceimiceán fós oiriúnach dá feidhm chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh agus chun cuspóirí na Straitéise a bhaint amach? An gá tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí áirithe nár cuireadh chun feidhme go fóill?*

2. *An ann do dhúshláin nua nó do dhúshláin atá ag teacht chun cinn ó glacadh an Straitéis a bhfuil cineálacha cur chuige nua ag teastáil ina leith, mar aon le treochlár cur chun feidhme atá nuashonraithe agus indéanta?*

3. *Cé na bealaí (eile) cur chun feidhme atá ar fáil d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na moilleanna, dlús a chur le cur chun feidhme na Straitéise agus cur i gcrích leordhóthanach cúraimí nua a áirithiú?*